**Trascheist mhór le haghaidh freagra i scríbhinn G-001004/2021**
**ar an gCoimisiún**
Riail 139
**Martin Hlaváček**
thar ceann Ghrúpa Renew

Ábhar: An borradh atá faoi phraghsanna tráchtearra agus ionchuir in earnáil na talmhaíochta

Gach lá, soláthraítear le biashlabhra AE, réimse leathan bia ar ardcháilíocht don 450 milliún duine a bhfuil cónaí orthu in AE. Mar sin féin, tá teaglaim de thosca ann, a bhfuil téarnamh AE na Stát Aontaithe agus na hÁise ina measc mar aon leis an suaitheadh atá in go leor slabhra soláthair ar fud an domhain, ina siocair le mórtheannas sna margaí tráchtearra agus ionchuir. Tá praghsanna fuinnimh, go háirithe praghas an gháis nádúrtha, níos airde anois ná riamh, cé go bhfuil ardú géar le sonrú freisin ar chostais ionchuir eile amhail leasacháin, breosla, leictreachas, síolta, innealra agus beatha, agus ídiú á dhéanamh ar chorrlaigh brabúis na bhfeirmeoirí atá ar leibhéil nach féidir glacadh leo.

Ina theachtaireacht le déanaí maidir le plean teagmhasach chun soláthar bia agus an tslándáil bhia a áirithiú i dtráth na géarchéime, dúirt an Coimisiún go bhfuil sé d'aidhm aige dlús a chur le hullmhacht an chórais bia i gcás géarchéimeanna trí phleanáil theagmhasach agus tríd an Sásra ullmhachta agus freagartha i gcás Géarchéim Eorpach i ndáil le Slándáil Bia. Mar sin féin, is cosúil go ndearnadh na cuir chuige choisctheacha a mheas faoina luach.

1. An bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún a chur chuige maidir le bainistiú géarchéime agus sin eile a fhágáil i leataobh agus forbairt a dhéanamh ar straitéis chuimsitheach iomlánaíoch a d'oibreodh ionsar ghéarchéim sa mhargadh a chosc, i bhfianaise inniúlacht an Choimisiúin faoin gConradh agus faoi chomheagrú aonair na margaí, ar mhaithe le lamháil do ghníomhairí an mhargaidh a gcinntí a oiriúnú ar bhonn níos fearr d'fhorbairtí ionchasacha sa mhargadh? An aontaíonn an Coimisiún nach foláir do chosc agus d'ullmhacht tarlú i gcomhthráth le bainistiú géarchéime chun cosc a chur leis an ngéarú sa bhreis ar staid an mhargaidh agus ar na tionchair dhiúltacha ar thomhaltóirí, ar an talmhaíocht agus ar earnáil an bhia?

2. An bhfuil straitéis bheartais shoiléir ag an gCoimisiún i dtaobh conas a imreoidh na beartais agus na spriocanna talmhaíochta, comhshaoil agus fuinnimh atá ann faoi láthair agus a bheidh ann sa todhchaí tionchar ar chumas AE déileáil agus freagairt do ghéarchéimeanna bia?

3. An bhfuil bearta nithiúla i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun freagairt do na fadhbanna tromchúiseacha atá le sárú ag roinnt d'earnálacha na talmhaíochta agus laghdú a dhéanamh ar na fadhbanna sin, go háirithe earnáil na muiceola, le linn an bhorrtha atá ann faoi láthair faoi phraghsanna ionchuir?